Fadhbanna tithíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna tithíochta sa tír. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal thíos a aimsiú?



1. Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta _____
2. milleán _____
3. geilleagar _____
4. gan dídean _____
5. meánphraghas _____
6. ag tuar _____
7. soláthar tithíochta _____
8. róbhorradh _____
9. ardú cíosa _____
10. tionchar _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo – 20%, 11% agus 23%?

2. Cad é an meánphraghas atá ar theach in Éirinn faoi láthair? An gceapann tú go ndearna Eibhlín Ní Choistealbha botún nuair a luaigh sí an praghas? Cén fáth?

3. Cad é an tuairim atá ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta faoi thorthaí na tuarascála?

4. Cad a cheapann Institiúid Taighde Eacnamaíochta NEVIN faoin scéal?

5. Cén t-eolas a chuir daft.ie ar fáil?

Ceist 3 '…an meánphraghas a bhí ar thigh **a cheannach**…'

agus

'…go leanfaidh praghas cíosa **ag ardú**…'

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló trom?

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Beidh orm mo dhinnéar _____ (ith) liom féin anocht.
2. Ná déan dearmad an obair bhaile _____ (déan).
3. Nach bhfuil Máire _____ (siúil) amach le Séan a thuilleadh?
4. Tá an obair sa teach _____ (críochnaigh) agam faoin Nollaig.
5. Is breá le Caitlín daoine _____ (cáin).
6. An féidir leat an madra _____ (tabhair) amach fá/faoi choinne siúil, le do thoil?
7. Níor éirigh leis a ghluaisteán _____ (díol) go fóill.
8. Beidh orm _____ (imigh) i gceann uair an chloig.

Ceist 4 '…**ar** p**h**raghsanna…'

Éist leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú den séimhiú tar éis ***ar***.

Ceist 5 Bhí an uimhir iolra de na hainmfhocail thíos sa mhír. Cad iad?

- teach
- saineolaí
- cúrsa
- ardú

Féach siar ar an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth nach bhfuil go leor tithe ar fáil in Éirinn faoi láthair, dar leat?
2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le teach nó árasán a fháil ar cíos?
3. Cén fáth a bhfuil níos mó daoine gan dídean anois ná mar a bhí fiche bliain ó shin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	*Economic and Social Research Institute*
2.	milleán	*blame*
3.	geilleagar	*economy*
4.	gan dídean	*homeless*
5.	meánphraghas	*average price*
6.	ag tuar	*predicating*
7.	soláthar tithíochta	*housing supply*
8.	róbhorradh	*overheating*
9.	ardú míosa	*rent increase*
10.	tionchar	*influence*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

A. An t-infinideach agus an t-ainm briathartha

B. 1. Beidh orm mo dhinnéar **a ithe** liom féin anocht.
2. Ná déan dearmad an obair bhaile **a dhéanamh**.
3. Nach bhfuil Máire **ag siúl** amach le Séan a thuilleadh?
4. Tá an obair sa teach **le críochnú** agam faoin Nollaig.
5. Is breá le Caitlín daoine **a cháineadh**.
6. An féidir leat an madra **a thabhairt** amach fá/faoi choinne siúil, le do thoil?
7. Níor éirigh leis a ghluaisteán **a dhíol** go fóill.
8. Beidh orm **imeacht** i gceann uair an chloig.

Ceist 4

- ar phraghsanna
- ar fhás
- ar thigh
- ar phraghsanna
- ar fhás
- ar thithíocht
- ar chúrsaí
- ar phraghsanna

Ceist 5

teach – **tithe**
saineolaí – **saineolaithe**
cúrsa – **cúrsaí**
ardú – **arduithe**

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Meastar go dtiocfaidh 20% d'ardú ar phraghsanna tithe idir seo agus 2020, de réir na hInstitiúide[1] Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá an milleán á chur ar fhás láidir geilleagair agus gan dóthain tithíochta a bheith ar fáil. Tá foláireamh tugtha ag saineolaithe go bhféadfadh níos mó daoine a bheith fágtha gan dídean agus go leanfaidh praghas cíosa ag ardú.

Eibhlín Ní Choistealbha
Sa bhliain suas go Meán Fómhair €265,000[2] an meánphraghas a bhí ar thigh[3] a cheannach in Éirinn. Anois i dtuarascáil nua de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, táthar ag tuar go dtiocfaidh 20% d'ardú ar phraghsanna tithe sa chéad trí bliana[4] eile amach romhainn. Tarlóidh sé seo mar gheall ar fhás láidir i gcúrsaí geilleagair, chomh maith le ráta mall i soláthar tithíochta. Maíonn an ESRI nach bhfuil ró-luach ar thithíocht, nach bhfuil róbhorradh sa mhargadh tithíochta agus, i gcomparáid le praghsanna idirnáisiúnta, deirtear go bhfuil an chuma ar chúrsaí go bhfuil praghsanna in Éirinn réasúnta.

Ach ní aontaíonn Institiúid Taighde Eacnamaíochta NEVIN leis seo. I dtéarmaí ioncaim, praghsanna tithe agus arduithe cíosa, deir siad go bhfuil an cás níos measa ná mar a bhí ag deireadh na n-ochtóidí agus nach bhfuil aon dabht faoi ach go mbeidh níos mó daoine fós fágtha gan dídean.

Tá iarrtha ag an Institiúid ar an Rialtas idirghabháil láithreach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an soláthar tithíochta. Tá tionchar ag an easpa soláthar tithíochta ar phraghsanna cíosa a bheith ag ardú. De réir daft.ie chonacthas[5] 11% ardú i gcíos ar fud na tíre sa bhliain suas go Meán Fómhair. Tá an cíos i mBaile Átha Cliath 23% níos airde anois ná mar a bhí le linn thréimhse an Tíogair Cheiltigh.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[1] *an Institiúid* a dúradh
[2] *dhá mhíle seasca a cúig míle* a dúradh
[3] *teach* an leagan caighdeánach
[4] *trí mbliana* a dúradh
[5] *facthas* a dúradh